Ùimh 12
Earrach 2005

# Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

## Alt an Eagarthóra
## le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, LFOLO

Fáilte chuig eagrán an earraigh de Alana, nuachtlitir an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige!

Táim á scríobh seo agus mé díreach fillte ó Montreal áit a raibh an t-ádh liom labhairt ar son an Lárionaid ag an bhFóram Domhanda ar Chúram agus ar Oideachas na Luath-Óige. Is é an Fóram seo an bailiúchán is mó ar domhan de dhaoine gairmiúla i réimse na luath-óige agus d'fhreastail os cionn 700 toscaire air ó cheann ceann na cruinne agus cuireadh an-suim i gcur i láthair an Lárionaid ar phróiseas cáilíochta na hÉireann. Ó chuireamar tús leis an obair in 2002, is iomaí cur i láthair atá déanta ag an Lárionad ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus chuir an t-aiseolas agus na deiseanna líonraithe go mór lenár gcuid oibre.

In Éirinn, leanamar lenár gcuid oibre ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochta do Chúram agus d'Oideachas na Luath-Óige. Ó foilsíodh an tsraith prionsabal san eagrán roimhe seo tá sé Chaighdeán déag á dtabhairt isteach againn anois (p 3/5). Tá comhairliúchán tairbhiúil agus cuimsitheach déanta ar na Caighdeáin seo trínár gCoiste Comhairliúcháin agus tiocfaidh sraith Comhpháirteanna agus Cuaillí Eolais mar dheis machnaimh go gairid chun an Creat a mhéadú chuig pointe seachadta.

Le cúpla mí anuas bhí páirt ag an Lárionad i bhforbairt chuimsitheach bheartais ag leibhéil éagsúla. Chuir an Grúpa Ardleibhéil, a raibh an Oifig Náisiúnta Leanaí ina cathaoirleach air agus a bhí ionadaíoch ar roinnt Rann tábhachtach, tuarascáil eatramhach le chéile agus tiocfaidh deireadh lena phlé i mí Iúil nuair a chuirfear tuarascáil deiridh faoi bhráid an Rialtais. Tá an Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta, a raibh an tOllamh John Coolahan ina chathaoirleach air, ag cur deireadh lena thuarascáil maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige in Éirinn agus beidh an tuarascáil le fáil i mí an Mheithimh 2005. Tá pobal na luath-óige agus an pobal ar fad ag cuardach tiomantas láidir arís i bhfreagra an Rialtais…

Ar deireadh, tá an-áthas orm comhghairdeas a dhéanamh le Maresa Duignan ar a ceapachán mar Stiúrthóir Cúnta ar an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. D'oibrigh Maresa roimhe seo mar Oifigeach Forbartha ar fhoireann an Lárionaid. Léiríonn a ceapachán, dá bhrí sin, athrú agus leanúnachas inár gcuid oibre. Táim ag súil go mór le bheith ag obair le Maresa ina post nua.

**Heino Schonfeld**
An Stiúrthóir

### CLÁR ABHÁIR

Caighdeán an Chreatlach/COLO a chur i láthair 2-4

Cur i láthair an Lárionaid ag OMEP 2005 4

Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn Tionscadail an Lárionaid 5

Dul i gComhairle le Tuismitheoirí 7

Eagarthóir
Heino Schonfeld

Cloite ag
Profile Lithoprint (01) 8316894

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais ag 01 8842113 nó ag Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie

Míle buíochas le DCULS le haghaidh an aistriú a rinne iad don nuachtlitir.

# Caighdeán an Chreatlach/COLO a chur i láthair

## le Thomas Walsh, an tOifigeach Forbartha, CECDE

San eagrán deiridh de Alana, cuireadh Prionsabail an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (Creatlach/COLO) i láthair. Le chéile, is fís chomhaontaithe iad seo do cháilíocht COLO in Éirinn. Baineann an chéad chéim eile sa phróiseas an Creatlach/COLO a fhorbairt le soláthar Caighdeán, a aistríonn fís na bPrionsabal go cleachtas. Forbraíodh na Caighdeáin seo in Earrach 2005 maidir le ceithre shuíomh lena mbaineann an Creatlach/COLO:

- Cúram lae
- Ranganna Naíonáin i mbunscoileanna
- Seirbhísí seisiúnacha
- Cúram lae teaghlaigh (Feighlí linbh)

Tosaíodh ar phróiseas comhairliúcháin i Márta agus Aibreán 2005 leis an gcaoga eagraíocht lucht leasa ar Choiste Comhairliúcháin an Lárionaid. Bhí an próiseas comhairliúcháin seo ríthábhachtach maidir leis na Dréachtchaighdeáin a athbhreithniú agus a fheabhsú. Glacann agus léiríonn na sé Chaighdeán déag thíos aiseolas agus tuairimí an Choiste Chomhairliúcháin chomh maith le creat comhaontaithe do chleachtas cáilíochta taobh istigh de shuímh. Mar is léir, tá siad seo leathan agus cuimsitheach agus baineann siad le gach gné den chleachtas. Cosúil leis na Prionsabail, tá na Caighdeáin seo idirnasctha agus idirspleách agus ní féidir breathnú ar cheann gan aird a thabhairt ar an gcuid eile. Is le chéile amháin a chruthaíonn siad creat comhtháite, cuimsitheach chun cleachtas cáilíochta a chinntiú do na leanaí is óige.

Cheana féin, tá an tríú gné agus an ghné dheireanach i bhforbairt an Chreatlach/COLO ar an mbealach. Tugtar na Comhpháirteanna Cáilíochta orthu seo, agus tugann siad léiriú breise ar na Caighdeáin agus tugann siad treoirlínte do gach pearsanra sna suímh. Téann na 'Cuaillí Eolais mar Dheis Machnaimh,' leo seo mar thacaíocht don chleachtóir féinmhachnamhach chun breathnú ar a c(h)leachtas taobh istigh de réimse leathan na sé chaighdeán déag. Tá na Dréacht-chomhpháirteanna seo agus na Cuaillí Eolais mar dheis machnaimh faoi réir an phróisis chomhairliúcháin faoi láthair ag balleagraíochtaí an Choiste Comhairliúcháin agus tabharfar aiseolas ón bpróiseas seo sa chéad eagrán eile de Alana. Foilseofar an réamhshamhail deiridh den Chreatlach/COLO i nDeireadh Fómhair 2005, agus beidh próiseas piolótach cur i ngníomh ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

# Caighdeáin an Chreatlach/COLO

**Eagraíocht**
Teastaíonn fealsúnacht scríofa chomhaontaithe chun acmhainní a eagrú agus a bhainistiú go héifeachtach agus tacaíocht ó bheartais agus nósanna imeachta soiléire chun cleachtas a threorú agus a chinneadh.

**Cleachtas Gairmiúil**
Chun cleachtadh ar bhealach gairmiúil caithfidh daoine scileanna, eolas, luachanna agus meonta a bheith acu a fheileann dá ról agus dá bhfreagracht sa suíomh. Chomh maith leis sin, teastaíonn machnamh rialta a dhéanamh ar chleachtas agus dul i ngleic le forbairt leanúnach ghairmiúil.

**Cearta an Linbh**
Chun a chinntiú go bhfaigheann leanbh a c(h)earta caithfidh sé/sí a bheith in ann rogha a dhéanamh as a stuaim féin mar rannpháirtí agus mar chomhpháirtí gníomhach ina f(h)orbairt agus ina f(h)oghlaim féin.

**Tuismitheoirí agus Teaghlaigh**
Chun go mbeidh tuismitheoirí agus teaghlaigh lárnach teastaíonn cur chuige comhpháirtíochta trí réimse próiseas, beartas agus nósanna imeachta soiléire, inrochtana agus curtha i bhfeidhm.

**Timpeallachtaí**
Beidh timpeallachtaí maithe, taobh istigh agus taobh amuigh (ábhar agus trealamh san áireamh) coinnithe go maith, sábháilte, ar fáil, inrochtana, inoiriúnaithe, oiriúnach don fhorbairt, agus cuirfidh siad réimse eispéireas dúshlánach agus spreagúil ar fáil.

**Curaclam**
Chun foghlaim agus forbairt iomlánaíoch gach linbh a spreagadh caithfear curaclam nó clár deimhnithe, leathan agus solúbtha a chur i bhfeidhm.

**Comhairliúchán**
Chun cinneadh comhtháite a dhéanamh teastaíonn comhairliúchán a chuireann rannpháirteachas chun cinn agus a lorgaíonn, a éistíonn agus a ghníomhaíonn ar thuairimí na leanaí, na dtuismitheoirí agus na foirne agus lucht leasa eile mar is cuí.

**Féiniúlacht agus Muintearas**
Chun féiniúlacht dhearfach agus muintearas a chur chun cinn teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtais a thugann féiniúlacht agus ionannas grúpa do gach leanbh agus duine fásta chomh maith le tuiscint agus aird dhearfach ar fhéiniúlacht agus cearta daoine eile.

**Pleanáil agus Meastóireacht**
Chun gach gné de chleachtas a shaibhriú agus a fheabhsú sa suíomh teastaíonn breathnóireacht, pleanáil, gníomhaíocht agus meastóireacht go rialta.

**Idirghníomhartha**
Chun idirghníomhartha cuiditheacha a ghlacadh (leanbh/leanbh, leanbh/duine fásta agus duine fásta/duine fásta) teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtais a chuireann béim ar luach an phróisis agus atá bunaithe ar chomh-mheas, comhpháirtíocht agus mothálacht.

### Spraoi
Chun spraoi a chur chun cinn caithfidh neart ama a bheith ag gach leanbh chun a bheith in ann páirt a ghlacadh i gcuardach oiriúnach don fhorbairt agus le neart acmhainní, cruthaitheacht agus ag déanamh céille i measc leanaí eile, in éineacht le daoine fásta a thabharfaidh tacaíocht agus astú féin, nuair is cuí.

### Cumarsáid
Chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar mhaithe leis an leanbh teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí a chuireann roinnt eolas agus faisnéise chun cinn i measa an lucht leasa cuí, le meas agus rúndacht.

### Sláinte agus Leas
Chun sláinte agus leas an linbh a chur chun cinn teastaíonn cosaint ó dhochar, bia folláin, deiseanna cuí chun scíth a ligean, agus caidreamh buan ina bhfuil muinín agus meas.

### Rannpháirtíocht an Phobail
Chun rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn teastaíonn líonraí agus naisc trí bheartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochta a chuireann le ceangal na ndaoine fásta agus na leanaí leis an bpobal mór.

### Gluaiseacht ar aghaidh
Chun leanúnachas an eispéiris a chinntiú do gach leanbh teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtas a chuireann bainistíocht chuí na n-athruithe chun cinn chomh maith le leanúnachas i gcaidreamh buan, comhairle taobh istigh de shuíomh agus idir suímh, faisnéis chuí a choinneáil agus a aistriú (le toiliú tuismitheora) agus dlúthpháirt na dtuismitheoirí agus, nuair is cuí, na ndaoine gairmiúla oiriúnacha.

### Reachtaíocht & Rialachán
Chun a bheith comhlíontach caithfear gach rialachán agus reachtaíocht a chomhlíonadh.

## Cur i láthair an Lárionaid ag OMEP 2005

"Making Connections" - A Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education
*le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige*

A Vision for the Future – Principles of Quality in Early Childhood Care and Education in Ireland *le Maresa Duignan, Leas-Stiúrthóir an Lárionaid*

Informing the NFQ/ECCE; A thematic perspective on child learning and development
*le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, An Lárionad*

"Insights on Quality"
*le Thomas Walsh, Oifigeach Forbartha, An Lárionad*

**Tá gach cur i láthair le fáil ar ár láithreán ag www.cecde.ie.**

# Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn Tionscadail Spriocdhírithe agus Choimisiúnaithe an Lárionaid

Le Annette McDonnell, Comhordaitheoir Tionscadail, An Lárionad

Ceann de phríomhchuspóirí an Lárionaid ná **"idirghabhálacha spriocdhírithe a fhorbairt ar bhonn píolótach i gcás leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu".**

Cé go ndíríonn na tionscadail a thagann ón gcuspóir seo ar leanaí faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, den chuid is mó, tá sé tábhachtach a léiriú go gcruthóidh gach tionscadal eolas a bheidh gach duine in ann a úsáid. Beidh gach tionscadal críochnaithe faoi 30 Meán Fómhair 2005 agus beidh na torthaí foilsithe roimh dheireadh na bliana. Feabhsóidh an fhianaise agus an fhoghlaim a gheofar ó na tionscadail obair an Lárionaid ina dhiaidh sin agus rachaidh siad chun tairbhe don fhorbairt ar chúram agus ar oideachas luath-óige ar ardchaighdeán do gach leanbh in Éirinn.

### Tionscadal 1: Cáilíocht a aimsiú: Peirspictíochta Iomadúla

Mar gheall ar staidéar idirnáisiúnta a léiríonn go bhfuil cáilíocht dinimiciúil agus ag brath ar chomhthéacs, tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo staidéar cuimsitheach náisiúnta a dhéanamh ar cháilíocht i gcomhthéacs na hÉireann. Go dtí seo, tá athbhreithniú forleathan litríochta ar cháilíocht i suímh COLO curtha le chéile ag an bhfoireann tionscadail, faoi cheannas an Dr Nóirín Hayes ón Ionad um Thaighde Sóisialta agus Oideachais, agus tá modheolaíocht curtha le chéile acu chun béim a chur ar an staidéar.

Roghnaíodh os cionn 20 suíomh mar chuid den staidéar, agus d'ainmnigh gach suíomh comhalta foirne amháin agus dhá theaghlach. Faoi láthair, tá na taighdeoirí ag tomhas cáilíocht infheicthe i ngach suíomh. Beidh agallaimh agus comhairliúchán ina dhiaidh seo leis na rannpháirtithe, na leanaí san áireamh.

Léireofar tuairimí an lucht leasa eile sa COLO, cosúil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Roinn Sláinte agus Leanaí, na Coistí Contae um Chúram Leanaí, Cigirí Réamhscoile agus Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí.

Tabharfaidh an taighde seo uirlisí bailí chun gnéithe éagsúla den cháilíocht i suímh na hÉireann a thomhas.

### Tionscadal 2: Idirghabháil Luath do Leanaí le Riachtanais Speisialta i Suímh Dhifriúla

Léiríonn litríocht idirnáisiúnta, go soiléir, éifeachtacht dian-idirghabháil luath do leanaí faoi mhíchumas. Féachann an tionscadal seo, a rinne Bord Sláinte an Lár-Iarthair, níos géire ar idirghabháil luath chun gnéithe áirithe den chlár a aithint, a thugann na torthaí is fearr do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Tá bonnfhaisnéis curtha le chéile ag an bhfoireann tionscadail seo do 18 leanbh i 3 shuíomh oideachais/cúraim éagsúla. Tá pleananna idirghabhála ar leith á ndearadh agus á gcur i bhfeidhm do gach leanbh, faoi láthair, a bheidh measúnaithe go leanúnach. Cuirfear agallamh ar thuismitheoirí agus ar fhoireann an COLO chun a dtuairimí ar cháilíocht a nochtadh.

Ainmneoidh na torthaí gnéithe den dea-chleachtas i ngach suíomh maidir le cumas, oideolaíocht a úsáideadh agus tacú le hathrú.

### Tionscadal 3: Clár Forbairte Inghairme do Mhúinteoirí agus Bainisteoirí i Réamhscoileanna don Lucht Siúil

Dúradh sa Tuarascáil Náisiúnta Mheastóireachta ar Réamhscoileanna don Lucht Siúil (DES, 2003) go raibh géarghá le hoiliúint inseirbhíse ó mhúinteoirí agus ó chomhaltaí na gcoistí bainistíochta i réamhscoileanna don Lucht Siúil. Mar fhreagairt air sin, tá clár oiliúna forbartha agus seachadta ag comhpháirtíocht Barnardos/CMNÉ.

Ghlac 32 den fhoireann réamhscoile páirt in anailís ar riachtanais oiliúna chun topaic mhodúil an chúrsa a dhéanamh amach. Na réimsí a aithníodh ná forbairt curaclaim agus pleanáil do cheachtanna, tuismitheoirí a bheith páirteach in oideachas a leanaí, tábhacht an spraoi i bhfoghlaim, éagsúlacht, bainistíocht iompair agus riachtanais speisialta. Dearadh agus seachadadh na modúil seo idir Eanáir agus Bealtaine 2005.

Tá béim ar leith curtha ar mheantóireacht, ar líonrú agus ar fhoghlaim leanaí comhaoise. Mar chuid de seo tá láithreán gréasáin agus scáileán faisnéise curtha le chéile don fhoireann réamhscoile a fhéadfar a fheiceáil ar www.tptp.ie. Rachaidh an fhoireann taighde i gcomhairle le tuismitheoirí agus leanaí lucht siúil maidir lena meon i leith na réamhscoile agus na foghlama.

***Chomh maith leis an 4 thionscadal seo, tá taighde coimisiúnaithe ag an Lárionad chomh maith ar sholáthar seirbhísí in Éirinn do leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu agus iad siúd faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.***

**Tionscadal Coimisiúnaithe 1: Soláthar luath do leanaí le Riachtanais Speisialta in Éirinn**
**Tabharfaidh an tionscadal seo forléargas agus anailís ar an soláthar reatha in Éirinn do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.**

Tá an taighde dírithe ar dhá áit ar leith, sna bailte agus faoin tuath. Thug ceistneoirí a cuireadh chuig soláthróirí seirbhísí luathbhlianta sna réigiúin seo eolas ar líon na leanaí a raibh riachtanais speisialta acu sa réigiún chomh maith leis an gcineál seirbhísí ar fáil dá dteaghlach.

Tá an fhoireann tionscadail faoi láthair ag scrúdú an chaidrimh idir cineálacha idirghabhála agus fachtóirí d'idirghabháil luath. Tabharfaidh na torthaí seo moltaí i ndáil le cleachtas agus taighde agus beartas amach anseo.

**Tionscadal Coimisiúnaithe 2: Measúnacht luath agus idirghabháil i Míbhuntáiste oideachasúil**
Léirigh taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil gá le leanaí i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a aithint go luath agus a mheasúnú chun idirghabháil éifeachtach a chur i bhfeidhm. Tá dúshlán áirithe ag baint leis seo in áiteanna iargúlta scoite amach.

Mar chuid den tionscadal seo, a rinne an tIonad um Thaighde Sóisialta agus Oideachais, Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, tá creat a fhorbairt chun míbhuntáiste oideachasúil scoite amach a mheasúnú i measc leanaí 0-3 bliana. Roghnaíodh 10 gceantar tuaithe scoite amach agus déanfar staidéar orthu trí agallaimh agus fócasghrúpaí le tuismitheoirí agus gníomhairí reatha.

Forbróidh an taighde treoirlínte chun an creat a úsáid agus moltaí maidir le dea-chleachtas idirghabhála a dhearadh do theaghlaigh agus do leanaí 0-3 bliana i faoin tuath.

## Tuarascáil Mheastóireachta Deiridh an Tionscnaimh Spraoighrúpa Phobail (2001-2004)

Tá cóipeanna de Thuarascáil Mheastóireachta Deiridh an Tionscnaimh Spraoighrúpa Phobail (2001-2004) ar fáil anois. Tionscadal atá sa Tionscnamh Spraoighrúpa Pobail a bhunaigh an Katharine Howard Foundation i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i limistéar an Oirdheiscirt (Bord Sláinte an oirdheiscirt a tugadh air roimhe seo) in 2001 le cúnamh airgeadais ón gClár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí. Forbraíodh an tionscadal 3 bliana seo chun cabhrú le spraoighrúpaí pobail cáilíocht a gcuid seirbhíse a fheabhsú trí mhaoiniú agus trí thacaíocht. Léiríonn an tuarascáil mheastóireachta deiridh go leor feabhais ar cháilíochta an tsoláthair mar gheall ar an tionscnamh agus léiríonn sí chomh maith na buntáistí a bhaineann le spraoighrúpaí pobail do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil nó chun cóipeanna den tuarascáil a fháil téigh i dteagmháil, le do thoil, leis an KHF ag 01-4531831 nó ríomhphost info@khf.ie

# Dul i gComhairle le Tuismitheoirí

## Le Annette McDonnell, Comhordaitheoir Tionscadail, An Lárionad

Aithníonn an Lárionad ról na dtuismitheoirí mar phríomh-oideachasóirí dá bpáistí agus mar na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste. Mar gheall air seo chuamar i gcomhairle le grúpa tuismitheoirí an 19 Márta 2005. Thaisteal sé thuismitheoir déag go Baile Átha Cliath don lá agus roinn siad a gcuid tuairimí linn agus ghlac siad páirt i ndíospóireacht faoi obair an Lárionaid agus an teagmháil is fearr le tuismitheoirí. Piocadh na tuismitheoirí seo ó Choistí Contae um Chúram Leanaí, Cúram/WITH, an Ballymun Partnership agus an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunscoile i mBaile Átha Cliath. An príomhchuspóir a bhí leis an bpróiseas comhairliúcháin ná tuairimí na dtuismitheoirí a fháil ar cháilíocht i suímh COLO. Chun cur leis an seimineár agus chun an deis a thabhairt do thusimitheoirí a dtuairimí a bheith curtha san áireamh, cinneadh comhairliúchán a reáchtáil ar-líne ar láithreán an Lárionaid ar feadh mhí an Mhárta 2005.

Thug an díospóireacht ar feadh an lae leis na tuismitheoirí an deis dúinn breathnú ar na príomhshaincheisteanna do thuismitheoirí agus iad ag cuardach seirbhís luathóige ar ardchaighdeán chomh maith le bheith ag fiosrú cén tacaí a chóir a chur i bhfeidhm chun tuismitheoirí a spreagadh páirt níos mó a ghlacadh in oideachas a chur ar a gcuid leanaí.

Mar fhreagra ar an gceist **'Cad iad príomhthréithe na cáilíochta do chúram luathóige agus seirbhísí oideachais in Éirinn?'** ainmníodh na saincheisteanna seo a leanas:

- Oiliúint do chomhaltaí foirne ag obair agus ag dul i gcomhairle le tuismitheoirí
- Leanbh-Lárnachas
- Tábhacht an spraoi
- Struchtúir agus treoirlínte soiléire chun timpeallacht bhuan ghrámhar a chinntiú do leanaí
- Cumarsáid mhaith idir tuismitheoirí agus na comhaltaí foirne
- Páirt na dtuismitheoirí san oideachas
- Solúbthacht

Mar fhreagra ar an gceist **'Cad iad na tacaí a theastaíonn ó thuismitheoirí dá ról mar luath-oideachasóirí a leanaí?'** ainmníodh na saincheisteanna seo a leanas:

- Faisnéis ar fhorbairt linbh
- Líonraí tuismitheoirí
- Beartais chun tacú le saol an teaghlaigh
- Cúrsaí tuismitheoireachta
- Tacaíocht do thuismitheoirí chun páirt níos mó a ghlacadh in oideachas agus obair bhaile
- Tacaíocht d'aistrithe

Tugadh spreagadh don ghrúpa freisin a dtuairimí a nochtadh mar thuismitheoirí ar obair an Lárionaid, go háirithe prionsabail an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta (NQF)/COLO. Cinnteoidh sé seo go mbeidh siad ábharthach do gach tuismitheoir agus ionadaíoch ar gach tuismitheoir. Foilseofar torthaí an chomhairliúcháin seo i Meán Fómhair mar chuid de thuarascáil ar pháirt tuismitheoirí in oideachas in Éirinn.